



Suí iomlánach

A8-0024/2018

08.2.2018

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáta chur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát
(COM(2017)0792 – C8-0449/2017 – 2017/0350(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir Werner Langen

(Nós Imeachta simplithe – Rial 50(2) de na Rialacha Nós Imeachta)

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scríosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

Leasuithe ón bParlaimint i bhfoirm téacs chomhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scríosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	4
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	8

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáta chur i bhfeidhm bhearta trasú na mBallstát

(COM(2017)0792 – C8-0449/2017 – 2017/0350(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2017)0792),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 53(1) agus d’Airteagal 62 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0449/2017),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Rial 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A8-0024/2018),
- A. De bhrí, ar chúiseanna práinne, go bhfuil údar le dul ar aghaidh chuig an vótáil roimh dhul in éag an spriocdháta ocht seachtaine mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Phrótocal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm;
1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

* Leasuithe: Aibhsítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear aon rud atá scríosta leis an tsiombail ■ .

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² déantar comhchuíbhiú ar na forálacha náisiúnta *i dtaca le táirgí árachais agus táirgí athárachais agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a bheith á ndáileadh ag idirghabhálaithe árachais, comhlachtaí árachais, a bhfostaithe agus idirghabhálaithe coimhdeacha árachais san Aontas.*
- (2) De bhun Airteagal 42 de Threoir (AE) 2016/97, ní mór do na Ballstát *na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin* is gá chun an Treoir sin a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 23 Feabhra 2018.
- (3) An 21 Meán Fómhair 2017, ghlac an Coimisiún dhá rialachán tarmligthe lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/97, ceann amháin maidir le ceanglais i dtaca le *formhaoirseacht agus rialachas táirgí le haghaidh gnóthais árachais agus dáileoirí árachais*³, agus an ceann eile i dtaca le ceanglais maidir le faisnéis agus na rialacha iompair gnó is infheidhme maidir le dáileadh táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe⁴.
- (4) Sna cinní a rinne sé gan aon agóid a dhéanamh i dtaca leis na rialacháin tarmligthe dá dtagraítear in aithris 3⁵, thug Parlaimint na hEorpa cuireadh don Choimisiún togra

¹ IO C , , lch. .

² Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch.19).

³ [Rialachán *arna Tharmligean* (AE) .../... ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le *formhaoirseacht agus rialachas táirgí le haghaidh gnóthais árachais agus dáileoirí árachais* (IO C [...], [...], lch. [...]).

⁴ [Rialachán *arna Tharmligean* (AE) .../... ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha iompair gnó is infheidhme maidir le dáileadh táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IO C [...], [...], lch. [...]).

⁵ P8 TA-PROV(2017)0404 agus P8 TA-PROV(2017)0405, arna nglacadh an 25.10.2017, le fáil ag: <http://www.europarl.europa>.

rechtach a ghlacadh ina leagfaí síos an 1 Deireadh Fómhair 2018 mar an dáta chun na *forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin* is gá chun Treoir (AE) 2016/97 a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm, in ionad an 23 Feabhra 2018. Mar bhunús leis an iarraidh sin, luaigh Parlaimint na hEorpa gur gá do ghnóthais árachais agus dáileoirí árachais tuilleadh ama a bheith acu le hullmhú chun Treoir (AE) 2016/97 a chur chun feidhme go ceart *agus go héifeachtach*, agus chun na hathruithe teicniúla agus eagraíochtúla is gá a chur chun feidhme chun na rialacháin tarmlichte a chomhlíonadh.

- (5) I bhfianaise a ghiorra atá an tréimhse atá fágtha sula gcuirfear i bhfeidhm na *forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin* is gá chun Treoir (AE) 2016/97 a chomhlíonadh, ba cheart *go dtiocfadh* an Treoir seo i bhfeidhm gan mhoill.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2016/97 a leasú dá réir sin,
- (7) ***Chun deimhneacht dhlúthiúil a áirithiú agus aon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh a sheachaint, tá sé riachtanach go dtiocfadh an Treoir seo i bhfeidhm mar ábhar práinne agus go mbeadh feidhm léi, le héifeacht chúlghabhálach, ón 23 Feabhra 2018.***
- (8) ***Ar an ábhar sin, tá údar freisin leis an eisceacht i gcomhair cásanna práinne dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Phrótocal (Uimh. 1) maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm sa chás seo.***

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir (AE) 2016/97 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 42, leasaítear mír 1 mar a leanas:
 - (2) (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
 - (3) “Faoin **1 Iúil** 2018, glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.”;
 - (4) (b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Cuirfidh na Ballstáit na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2018 **ar a dhéanaí**.”;
- (5) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Treoir 2002/92/CE, arna leasú leis na Treoracha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, aisghairtear í le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
Beidh feidhm aige, le héifeacht chúlghabhálach, ón 23 Feabhra 2018.

Airteagal 3

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Dáta chur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát	
Tagairtí	COM(2017)0792 – C8-0449/2017 – 2017/0350(COD)	
Dáta tíolactha chun PE	20.12.2017	
An coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 15.1.2018	
Coistí ar iarradh tuairim uathu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	IMCO 15.1.2018	JURI 15.1.2018
Gan tuairim a thabhairt Dáta an chinnidh	IMCO 4.12.2017	JURI 24.1.2018
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Werner Langen 14.12.2017	
Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh	14.12.2017	
Pléite sa choiste	24.1.2018	
Dáta an ghlactha	8.2.2018	
Dáta don chur síos	8.2.2018	